# Paidir na Deoise
# Agus sinn ag guí, ag éisteacht agus ag lorg treorach



"Cé hé an duine seo, go ndéanann gaoth agus fharraige rud air?"

*www.corkandross.org*

## Ár nGuí ón mBád

(Matha 8:23–27)

A Dhia grámhar, nuair a bháisteadh sinn, bhronn tú orainn gairm chun freastal ortsa agus ar gach duine tré gach a ndéanaimid.

Iarraimid ort a Thiarna, do bheannacht a chur anuas ar mhuintir Chorcaí agus Rois, le linn an tréimhse seo urnaithe agus éisteachta.

Deonaigh dúinn aird a thabhairt ar thinfeadh do Spiorad Naofa.

Oscail ár súile ionas go bhfeicfimid an tslí inár mian leatsa go dtaistealóimis mar phobail creidmheacha agus mar pharóistí gaolta.

Oscail ár gcluasa ionas go gcloisfimid guth Íosa, an tAoire Maith agus É dár dtreorú.

Oscail ár gcroíthe ionas go leanfaimid tú le lúcháir agus le muinín ar nós an linbh.

Oscail ár n-aigne go bhfeicfimid deiseanna agus bealaí úra bheith mar Eaglais dhílis agatsa.

Líon sinn le dóchas agus le humhlaíocht agus sinn ag tógáil Ríocht Dé le chéile sa deoise seo faoi láthair.

Iarraimid é seo ort tré Chríost ár dTiarna. Amen.